

Feis Charn Tóchair 2014

A celebration of the culture and revival of the Irish
language in Co. Derry.



Saturday 7th June 2014
Carnogher Community Association

RULES & GUIDELINES	4
POETRY RECITAL COMPETITIONS	8
<i>Gaelscoileanna</i>	8
<i>Naíscoileanna Gaeilge</i>	8
Primary schools (English Medium)	8
Secondary Schools	9
SCHOLARSHIP COMPETITION (Conversation)	10
FÁINNE COMPETITION.....	10
CONVERSATION competition (<i>Naíscoileanna & Gaelscoileanna</i>)	10
ART COMPETITION	11
WRITING COMPETITION.....	12
Short story	12
Poetry	12
TRADITIONAL MUSIC COMPETITIONS.....	13
Fiddle.....	13
Traditional Singing (through Irish).....	13
Tin Whistle.....	13
Flute.....	13
Accordion.....	14
Concertina.....	14
Banjo/Mandolin.....	14
Bodhrán	14

Guitar.....	14
School Choir Competition.....	15
Choice of Poems for <i>Gaelscoileanna</i>	16
Choice of poems for English Medium Primary Schools.....	24
Choice of Poems for Secondary Schools.....	28
Fáinne Competition: Choice of Questions.....	36
Fáinne Competition: Example of the Structure.....	38
Entry Form For Teachers.....	39
Entry Form per pupil (Bilingual).....	40

RULES & GUIDELINES

1. **Poetry Recitation Competition:** A choice of poems has been provided for each age group. However participants are welcome to recite a poem of their choice providing the poem is in Irish.
2. **Scholarship Competition:** Partscholarships of £150 will be awarded in each section of this competition. It is essential to take part in the poem recitation to be allowed to enter the speaking test for the scholarship award. Preference will be given to students who are not in receipt of any other scholarship.
3. **Comórtas Fáinne:** The circle is the most common cross-cultural symbol of unity and continuity. It has neither beginning nor end and no divisions, and represents completeness and eternity.

This competition is open to secondary school students and to adults. During this competition the adjudicator will have a conversation with each entrant. Examples of the types of questions and the layout of the competition available in the syllabus.

4. **Conversation Competitions:** This competition provides an excellent opportunity for parents of children of **all ages** to experience how Irish-medium Education can deliver true bilingualism.

What is the Conversation Competition?

In the competition the adjudicator talks informally to each child in Irish on a variety of everyday topics; their likes and dislikes, their family, school life and their friends. This competition gives parents an insight into the amount of Irish their child has and how much they understand. In some cases the younger children may answer the adjudicator in English, but this shows that the child has understood what was asked in the first place.

Criteria: In this competition children will be assessed on their confidence and communication skills **and not** on how much Irish they have or their standard of Irish.

5. **Art Competition:** The themes and the various divisions of this competition are outlined in the syllabus. Please ensure that if there is any writing on the pictures that the writing is in Irish. Please ensure that entries are no bigger than A3. Please ensure the following information is clearly marked on the back of each picture.

Name
Competition Number
School
Class
Date of birth
Contact phone number

Please send entries to An Carn on or before Friday 16th May 2014

6. Writing Competition: Write a short story of 500 words or less in Irish. At primary level, stories may be handwritten. At secondary level, stories must be printed with double line spacing. Secondary school students will be able to avail of the computer suite and printing facilities at An Carn.

Deadline:

Primary level: Friday 16th May 2014

Secondary level: Friday 16th May 2014

Theme: Open choice

The short stories will be assessed on the following criteria:

Primary Level:

Originality
Character
Plot Development
Style / Art

Secondary Level:

Originality
Style
Character
Plot development

Accuracy & Richness of Irish*

*This will only apply to Keystage 5

Entry fee has been waived for all entries to the Writing competition in 2014.

7. Comórtas Scríbhneoireachta: Filíocht

Only one poem per pupil may be entered to this section. Theme: Open choice. It is essential all poems are in Irish.

At primary level:

Poems may be handwritten. Each poem must have at least three verses.

At secondary level:

The poems must be typed with double spacing between the lines. Poems must have at least four verses.

Deadline for entries:

Primary level: Friday 16th May 2012

Secondary level: Friday 16th May 2012

Entry fee has been waived for all entries to the Writing competition in 2014.

8. Traditional Music Competitions

There are 12 categories in the Traditional Music Competitions: fiddle, tin whistle, flute, banjo/mandolin, concertina, accordion, harp, bodhrán, guitar, traditional singing, traditional music group and the School Choir Competition.

Traditional singing: Entrants may sing a song of their own choice as long as it is in Irish.

Solo Instrumental: this category is suitable for the following instruments: tin whistle, flute, banjo, mandolin, flute, bodhrán, guitar, accordion and concertina. Entrants P5 and below will only be expected to play one tune of their choice. Entrants P6 and above will be expected to play one tune from two different categories e.g. 1 reel and 1 jig or 1 horpipe and 1 waltz. Please note bodhrán & guitar players must provide their own music to accompany. If you are unable to do so please make a member of staff aware of this when registering for the Feis and we will do our best to accommodate the need.

Traditional Music Group, it is necessary for at least three to play in the group and there must be at least two different instruments. Groups will be asked to play one full set comprising of 3 tunes of their own choice.

School Choir Competition, Choirs may or may not have an accompaniment. If they choose to have an accompaniment, they must provide their own accompaniment. Each school must sing two songs in Irish of their own choice; one fast and one slow.

Entry fee: £10 per choir.

9. Entry Forms and Fee.

Entry form for teachers

Please use one entry form per competition

Fill in the name and number of each competition at the top of the form. List each of the children / young people taking part the each competition. Please insert at the bottom of the entry form the fee paid.

Entry form per pupil.

Only one form per pupil to be used.

Fill in the entrant's name at the top of the page. Fill in all the information (Name of school, Teacher's name, Class, email address). List the name and number of each competition the child/ young person wishes to enter. Please fill in the fee enclosed at the bottom of page.

Competition fee: £2 per pupil per competition

***Entries for the poetry, scholarship, fáinne, conversation and traditional music competitions will not be accepted later than Friday 16th May 2014.** This is to allow for a programme and time schedule to be drawn up for the day of the Feis. Schools will be notified of the times of each of the competitions

Please send all entries and fees to:

Leonne Ní Loinsigh
An Carn,
Tír Chiana,
Machaire Rátha,
Co. Dhoire BT46 5NH

Please make cheques payable to Carntogher Community Association
ON or BEFORE Friday 16th May 2014.

More information is available from Leonne Ní Loinsigh: 028 7954 9978
www.ancarn.org or email: info@ancarn.org

POETRY RECITAL COMPETITIONS

Gaelscoileanna

GS01 Rang 1 Poem	<i>Choice of poems on pg 16</i>
GS02 Rang 2 Poem	<i>Choice of poems on pg 16</i>
GS03 Rang 3 Poem	<i>Choice of poems on pg 17</i>
GS04 Rang 4 Poem	<i>Choice of poems on pg 18</i>
GS05 Rang 5 Poem	<i>Choice of poems on pg 19</i>
GS06 Rang 6 Poem	<i>Choice of poems on pgs 20 & 21</i>
GS07 Rang 7 Poem	<i>Choice of poems on pgs 22 & 23</i>

Naíscoileanna Gaeilge

GS08	Poem (open choice)
------	--------------------

Primary schools (English Medium)

1. Primary 1 poem	<i>Choice of poems on pg 24</i>
2. Primary 2 poem	<i>Choice of poems on pg 24</i>
3. Primary 3 poem	<i>Choice of poems on pg 25</i>
4. Primary 4 poem	<i>Choice of poems on pg 25</i>
5. Primary 5 poem	<i>Choice of poems on pg 26</i>
6. Primary 6 poem	<i>Choice of poems on pg 26</i>
7. Primary 7 Poem	<i>Choice of poems on pg 27</i>

Secondary Schools

8. Year 8 Poem: *Choice of poems on pg 28*
9. Year 8 Poem: (Past pupils of IME) *Choice of poems on pg 28*
10. Year 9 Poem: *Choice of poems on pg 29*
11. Year 9 Poem: (Past pupils of IME) *Choice of poems on pg 29*
12. Year 10 Poem: *Choice of poems on pg 30 &31*
13. Year 10 Poem: (Past pupils of IME) *Choice of poems on pg 30 & 31*
14. Year 11 Poem: *Choice of poems on pg 32 &33*
15. Year 12 Poem: *Choice of poems on pg 34 & 35*
16. Year 13 Poem: Open Choice

SCHOLARSHIP COMPETITION (Conversation)

17. Scholarship test - bl. 8
18. Scholarship test Year 8 Past pupils of IME

19. Scholarship test - bl. 9
20. Scholarship test Year 9 Past pupils of IME

21. Scholarship test - bl. 10
22. Scholarship test Year 10 Past pupils of IME

23. Scholarship test - bl.11
24. Scholarship test Year 11 Past pupils of IME

25. Scholarship test - bl. 12
26. Scholarship test Year 12 Past pupils of IME

27. Scholarship test - bl. 13

FÁINNE COMPETITION

28. Fáinne Airgid (Silver Fáinne)
29. Fáinne Óir (Gold Fáinne)
30. Cúpla Focal (A few words badge)

CONVERSATION competition (Naíscoileanna & Gaelscoileanna)

GS09	Naíscoil:
GS10	Rang 1
GS11	Rang 2
GS12	Rang 3
GS13	Rang 4
GS14	Rang 5
GS15	Rang 6
GS16	Rang 7

ART COMPETITION

- | | | |
|-----|-----------------------------------|---------------------------------|
| 31. | Naíscoil | Theme: Open Choice |
| 32. | Bunscoil / Primary school Yr 1- 2 | Theme: Summer |
| 33. | Bunscoil / Primary school Yr 3- 4 | Theme: Summer |
| 34. | Bunscoil / Primary school Yr 5-7 | Theme: My area |
| 35. | Bliain / Year 8 - 10 | Theme: My area |
| 36. | Bliain / Year 11 - 12 | Theme: The place I love best... |
| 37. | Bliain / Year 13 -14 | Theme: The place I love best... |

WRITING COMPETITION

Short story

Competition for *Gaelscoileanna*

GS17 Rang 3 - Rang 4

GS18 Rang 5 - Rang 7

- 38. Keystage 3 (Past pupils of IME)
- 39. Keystage 3 (Students learning Irish)
- 40. Keystage 4 (Past pupils of IME)
- 41. Keystage 4 (Students learning Irish)
- 42. Keystage 5 (open to all students)

Poetry

- 43. Rang 5 - Rang 7
- 44. Keystage 3 (Past pupils of IME)
- 45. Keystage 3 (Students learning Irish)
- 46. Keystage 4 (Past pupils of IME)
- 47. Keystage 4 (Students learning Irish)
- 48. Keystage 5 (Open to all students)

TRADITIONAL MUSIC COMPETITIONS

*Depending on the demand for the following music competitions, entrants may be expected to play one to two tunes.

Fiddle

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 49. Yr 4 - Yr 5 | Theme: Open choice |
| 50. Yr 6 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 51. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 52. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Traditional Singing (through Irish)

- | | |
|------------------|--------------------|
| 53. Yr1 - Yr2 | |
| 54. Yr3 - Yr4 | Theme: Open choice |
| 55. Yr5 - Yr7 | Theme: Open choice |
| 56. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 57. Yr11 - Yr14 | Theme: Open choice |

Tin Whistle

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 58. Yr 2 | Theme: Open choice |
| 59. Yr 3 - Yr 4 | Theme: Open choice |
| 60. Yr 5 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 61. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 62. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Flute

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 63. Yr 2 | Theme: Open choice |
| 64. Yr 3 - Yr 4 | Theme: Open choice |
| 65. Yr 5 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 66. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 67. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Accordion

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 68. Yr 4 - Yr 5 | Theme: Open choice |
| 69. Yr 6 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 70. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 71. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Concertina

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 71. Yr 4 - Yr 5 | Theme: Open choice |
| 72. Yr 6 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 73. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 74. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Banjo/Mandolin

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 75. Yr 4 - Yr 5 | Theme: Open choice |
| 76. Yr 6 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 77. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 78. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Bodhrán

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 79. Yr 4 - Yr 5 | Theme: Open choice |
| 80. Yr 6 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 81. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 82. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Guitar

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 83. Yr 4 - Yr 5 | Theme: Open choice |
| 84. Yr 6 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 85. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 86. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Harp

- | | |
|-------------------|--------------------|
| 87. Yr 4 - Yr 5 | Theme: Open choice |
| 88. Yr 6 - Yr 7 | Theme: Open choice |
| 89. Yr 8 - Yr 10 | Theme: Open choice |
| 90. Yr 11 - Yr 14 | Theme: Open choice |

Traditional Music Group

(Required to play one set of three tunes)

91 Rang 3 - Rang 7

92 Bliain 8 - Bliain 14

School Choir Competition

93. Gaelscoileanna / English medium primary schools. KS1

94. Gaelscoileanna / English medium primary schools. KS2

95. Secondary schools

Choice of Poems for Gaelscoileanna

Rang 1

Ní Dhearna Mamaí Pháidín

Ní dhearna Mamaí Pháidín
Tóirtín úll don tae,
Mar chuala sí ó Áine
Gur mharaigh Páidín gé.

'Go deimhin', arsa Páidín,
'Níor mharaigh mise gé,
Ach phrioc an gandal dána mé
Is bhuail mé é!'

Frogannaí Beaga Glasa

Frogannaí beaga glasa,
Frogannaí beaga buí;
Frogannaí beaga glasa,
is Mamaí Frog ina súí;
Daidí Frog ina sheasamh,
Is maide ina lámh,
Ag taispeáint do na frogannaí,
Cén dóigh le snámh!

Rang 2

An Fhearthainn

Tá an fhearthainn ag titim
Ag titim go trom
Ag titim go trom
Anuas ar mo cheann
Ní maith liom an fhearthainn
Mar fliuchann sí mé
Agus caithfidh mé fanacht istigh
'Rith an lae

Canann an Mactíre
Le hÁine Ní Ghlinn

Rachaidh mé ag siúl sa choill
Ag siúl sa choill
Ag siúl sa choill
Rachaidh mé ag siúl sa choill ag lorg mo
bhriceasta

B'aoibhinn liomsa muicín beag
Muicín beag
Muicín beag
B'aoibhinn liomsa muicín beag mar
dhinnéar nó briceasta
Cé hé sin ag siúl sa choill?
Ag siúl sa choill
Ag siúl sa choill
Cé hé sin ag siúl sa choill? Sin é mo
bhriceasta

Rang 3

Ag Siopadóireacht

"Gabh siar go dtí a' siopa dom",
A dúirt mo mhamaí liom.
"Fá choinne pionta bainne
Agus builín d'arán donn,
Próca beag de chaife
Agus bosca de mhálaí tae,
Ó agus faigh na brioscaí céanna dom
A fuair tú dom inné".

Slaitín Draíochta Le hÁine Ní Ghlinn

Tá slaitín draíochta agamsa
Déanaim spéir
Déanaim teach
Tá slaitín draíochta agamsa
Déanaim grian is gealach

Déanaim crainn agus réaltaí
Déanaim oíche
Déanaim lá
Le mo shlaitín draíochta gleoite
Déanaim tonntracha is trá

Déanaim raicéad leadóige
Déanaim liathróid's bróga peile
Ansin téann mo shlatín beag I dtaisce
isteach im mhála scoile
leis na pinn luaidhe eile

An Abhainn

Éist le glór na habhann
Ag rince tríd an ghleann
Ritheann sí go haerach
Le gáire is le greann.

Léimeann sí thar chlocha
Isteach faoin droichead buí,
Ritheann sí amach arís
Go tapa ar a slí

Tugann sí deoch uisce
Don chapall is don bhó,
Ag rith gan stad gan staonadh
Go dtí an fharraige mhór.

Rang 4

Scéal na Muice

Le hÁine Ní Ghlinn

Thóg mé teach beag tuí
Bhí mé istigh ann i mo luí
Nuair a chuala mé an glór -
Glór an-gharbh
Glór ollmhór

Lig isteach mé

Lig isteach mé

A chara mo chroí

Nó séidfídh mé is

Leagfaidh mé do theach beag tuí

Ní haon chara é sin
Is mactíre é! Ó bhó!
Cad chuige nár fhan mise
Sa bhaile
Le mo Mhamáí sa chró?

An Spásaire

Ba mhaith liom dul don ghealach
Lá éigin, tar éis dinnéir.
Tiománfaidh mé mo spáslong
Suas amach faoin spéir.

Fuair mé culaith spásaire,
Um Nollaig ó m'aintín.
Beidh an chulaith nua sin ormsa,
Is mo chóta mór báistí.

Nuair a shroichfimid an ghealach
Beidh picnic againn ann.
Beimid ansin ag ithe linn
Is ag breathnú ar an domhan.

Ní rachaidh mé rófhada ón long,
Ar eagla dul ar strae,
Ach baileoidh mé roinnt clocha
Sula suífídh mé chun tae.

Coinín

Le E. Ó Tuathail

Bhí coinín donn ag súgradh
Ar maidin sa mhóinéar,
Ag preabadh 's ag casadh
'S ag scinneadh tríd an bhféar.

Cluasa buí in airde
Eireaball bán ar crith,
Ach d'imigh sé as amharc
Gan fáth gan cúis ar bith.

Rang 5

An Seilide

Chaill mé mo theachín
Arsa an seilide bocht
Chaill mé mo theachín
Is é a bhí go docht

Nuair a dhúisigh mé ar maidin
Bhí mé fuar gan é
D'amharc mé i ngach áit
Ar dheis is ar chlé

Cé thóg mo theachín?
Arsa an seilide nocht
Cé thóg mo theachín?
Cé air a bhfuil an locht?

Codail go Sámh

Codail go sámh
A ghrá gheal mo chroí.
Beidh an oíche chugainn láithreach
Is an ghrian ina luí.

Codail go lá,
Mo stóirín geal féin.
Tá an londubh gan cheol
Is níl spideog sa spéir.

Codail go ciúin,
Mo mhuirín beag féin.
Tá na réaltóga bána
Go hard, geal sa spéir.

Codail go sámh,
A ghrá gheal mo chroí.

Brionglóid an tSeilide

Le hÁine Ní Ghlinn

Tá mé mór
Breathnaím isteach I súile an tsioráif
Scanraíonn mo scáil féin mé
Táimse mór

Tá mé scanrúil
Teitheann an leon uaim nuair a
Chloiseann sé mo ghlór ollmhór
Táimse scanrúil

Tá mé gasta
Faoi mo shliogán mór tá trófaithe is
boinn is
Corn Rásaíochta an Domhain
Tá me gasta

Is mise an Seilide Mór
An créatúr is mó, is gasta,
Is scanrúla ar domhan
Rithigí uaim

Beidh an oíche chugainn láithreach
Is an ghrian ina luí

Rang 6

Paitsín

Le Lionard Ó hAnnaidh

Ó, tá mo chroí bhriste
Faoi scamall is brón
Mar chaill mé mo mhadadh
Amuigh ar an ród.

Níor mhadadh go dtí é,
É beag agus deas,
Ba chuma leis báisteach,
Nó sneachta nó teas.

Bhí cion aige ormsa
Is grá agam dó.
Ní raibh madadh chomh breá leis
Ag aon duine beo.

Ach, d'fhan sé sa tsráid, lá,
Nuair a rith mé isteach,
Is ní fhaca mé Paitsín
Ón lá sin amach.

Ó, thabharfainn aon airgead,
Idir gheal agus bhuí,
Don duine a gheobhadh dom
Paitsín mo chroí.

Brionglóid an Leoin

Le hÁine Ní Ghlinn

Siúlaim tré ghairdín na ndaoine
Feicim coileáinín fir á thochas féin
Seanduine liath ag siúl suas agus síos
ina chás

Déanann cailín damhsa dom
Caithim briosca chuici
Caochann sí súil orm
Tugaim bualadh lapa di
Sula mbuailim isteach sa bhialann
Áit a bhfaighim béile blásta
Sceallóga is méara linbh -
Béile a shásódh rí

Cúl an Tí

Tá Tír na n-Óg ar chúl an tí,
Tír álainn trína chéile,
Lucht ceithre chos ag siúl na slí
Gan bróga orthu ná léine,
Gan Béarla acu ná Gaeilge.

Ach fásann clóca ar gach droim
Sa tír seo trína chéile,
Is labhartar teanga ar chúl an tí
Nár thuig aon fhear ach Aesop,
Is tá sé siúd sa chré anois.

Tá cearca ann is ál sicín,
Is lacha righin mhothaolach,
Is gadhar mór dubh mar namhaid sa tír
Ag drannadh le gach éinne,
Is cat ag crú na gréine.

Sa chúinne thiar tá banc dramhaíl'
Is iontaisí an tsaoil ann,
Coinnleoir, búclaí, seanhata tuí,
Is trumpa balbh néata,
Is citeal bán mar ghé ann.

Is ann a thagann tincéirí
Go naofa, trína chéile,
Tá gaol acu le cúl an tí,
Is bíd ag iarraidh déirce
Ar chúl gach tí in Éirinn.

Ba mhaith liom bheith ar chúl an tí
Sa doircheacht go déanach
Go bhfeicfinn ann ar chuairt gealaí
An t-ollaimhín sin Aesop
Is é ina phúca léannta.

Rang 7

Abhainn ag Caint

le Peadar Ó hAnnracháin

Sruthán beag mé, sruthán beag mé,
Ó thaobh an chnoic a thagaim;
Is bím ag léimnigh is ag rith
Is am ar bith ní stadaim.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh;
Ach bhíos ag rith is tá mé ag rith
Is beidh mé ag rith i gcónaí.

Aoibhinn liomsa bheith ag rith
Ag gluaiseacht liom go sásta;
An t-uisce agam á thabhairt don mhuir
Le fillleadh arís mar bháisteach.

Éisítigí liom ag canadh poirt
Éisítigí liom, a pháistí;
Éisítigí liom ag canadh poirt
Is mé ag rith le fána.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh
Ach bhíos ag rith is táim ag rith
Is bead ag rith i gcónaí.

Rialacha Nua

Le hÁine Ní Ghlinn

Is mise an príomhoide nua
Druidigí bhur leabhair
Tá Bean Uí Bhriain san ospidéal
Í imithe glan as a meabhair

Beidh rialacha nua I bhfeidhm anois -
Cuid acu giota beag éagsúil
Níl cead aon leabhar a oscailt
Mura bhfuil sé iontach spéisiúil

Amach anseo ní bheidh againn
Ach cluichí, spórt is spraoi
Mairfidh am loin dhá uair a chloig
Agus ina dhiaidh sin rachamid a luí

Anois osclaígí na boscaí lóin
Cad é seo a fheicim? Arán?
Tá deireadh le ceapairí ar scoil
Amárach tugaigí isteach milseáin

Ach cad faoi obair bhaile?
Uair a chloig nó dhó?
Ná bíodh aon inní oraibh
Tá deireadh leis go deo

Mo Mháthair

Cé éiríonn ar maidín
Is mise im luí
Ag lasadh na tine
Is ag glanadh an tí?
Cé thagann don leaba
Ag rá liom éirí? -
— Mo mháthair.

Cé chuireann an bricfeasta
Chugam ar an mbord?
Cé a fhaigheann dom mo mhála
Mo leabhair is mo lón?
Nuair a bhímse ag imeacht
Cé a thugann dom póg? -
— Mo mháthair.

Cé a chuireann romham fáilte
Nuair a thagaim isteach?
Cé a thógann mo mhála,
Mo hata is mo bhrat?
Is cé a bhíonn go sásta
Nuair a bhímse go maith? -
— Mo mháthair.

Cé a bhíonn ar a cosa
I gcaitheamh an lae?
Cé a thugann ón tobar
An t-uisce don tae?
Cé a dhéanann an obair
Dár muintir go léir? -
— Mo mháthair.

Choice of poems for English Medium Primary Schools

Primary 1

Foscail An Doras

Foscail an Doras is amharc isteach
Tóg an laiste is siúil isteach
Suigh ar an stól, is bí ag ól
Cad é mar atá tú ar maidin?

Cuimil do Bhosa

Cuimil do bhosa
Cuimil do bhosa
Suas agus síos
Dún do lámha
Oscail do lámha
Dún agus oscail arís

Dorn ar dhorn
Dorn ar dhorn
Suas, suas, suas
Buail do bhosa
Buail do bhosa
Thuas, thuas, thuas

Primary 2

Teidí Beag Buí

Teidí beag buí,
Ina shuí ar an stól.
Teidí beag buí,
Ag ithe agus ag ól.

Teidí beag buí,
Anseo i do shuí.
Teidí beag buí,
Teidí beag buí.

Léim Anois

Istigh sa sú tá an babaí cangarú
Léim anois
Léim anois
Léim anois go luath

Istigh sa sú tá an Mamaí cangarú
Léim anois
Léim anois
Léim anois go luath

Istigh sa sú tá an Dadaí cangarú
Léim anois
Léim anois
Léim anois go luath

Primary 3

An Trá

Bróga ar mo chosa
Cóta ar mo dhroim
Lámhainní ar mo lámha
Hata ar mo cheann
Dúnann Daid an doras
Is aoibhinn liom an lá
Triúir againn le chéile
Síos go dtí an trá

Feicim ar an bhealach
Bláthanna ag fás
Eitleáin ar eitilt
Bádannaí ag snámh
Tugaim liom mo liathróid
Buicéad agus spád
Déanaim caisleán láidir
Thíos ag bun na trá.

Nóiníní Bána

Nóiníní bána ar imeall na habhann
Rachaidh mé síos agus piocfaidh mé
ceann
Ceann beag do Mháire agus ceann beag
dom féin
Ceann beag do mo chairde ar oileán I
gcéin

Déanfaidh mé slabhra deas bán agus órga
Déanta as nóiníní bána go leor
Beidh sé go hálainn anuas ar mo cheann
Mise i mo bhanríon ar imeall na habhann

Primary 4

Mo Mhadadh

Sin é mo mhadadh
Ina shuí ar an stól,
Bíonn sé ag ithe,
Bíonn sé ag ól.

Ólann sé bainne,
Is itheann sé arán,
Is deir sé 'bhuf', 'bhuf',
Nuair a bhíonn sé lán.

Seáinín ar an Rothar

Seáinín ar an rothar
Is é ag dul síos an bóthar
Seáinín ar an rothar
Aon, dó, trí

Seáinín ar an rothar
Thit sé ar an bhóthar
Seáinín beag ag caoineadh
Aon, dó, trí

Seáinín ar an leaba
A mhamáí leis an bladár
Seáinín ar an leaba
Aon, dó, trí

Seáinín beag ag gáire
Ag súgradh lena chairde
Seáinín beag ag gáire
Aon, do, trí

Primary 5

Stocaí

Stocaí le stríoca,
Cuid mhór le spotaí,
Stocaí ar gach dath
Sa bhogha báistí.

Caite le chéile
Sa mheaisín le ní
Sáite is báite
I spéirling mhór gaoith'.

Corrstoca an líne,
Ag sileadh na ndeor,
A gcomrádaí slogtha
Ag ollphéist de niteoir.

Scamail

Is maith liom scamail,
Flas candaí na spéire,
Ba bhreá liom breith orthu
Is iad a bhlaiseadh le mo mhéara.
No b'fhéidir go luífinn síos orthu
Is leaba bhog a dhéanamh,
Agus dul ar thuras mistéire
Faoi theas teolaí na gréine.

Primary 6

An tOchtapas

Le Gabriel Rosenstock

Tá mé ocht inniu, arsa an tOchtapas
Is tá mo chairde ag teacht le haghaidh
tae
Is breá liom bheith ocht, arsa an
tOchtapas,
Beidh an chóisir againn ar a sé.

Tá mé ocht inniu, arsa an tOchtapas
Is tá mo chairde ag teacht le haghaidh
tae,
Is breá liom bheith ocht, arsa an
tOchtapas,
Ba sheachtapas mé inné!

Picnic

T-léintí is brístí ag brataíl,
An ghrian ag scoilteadh na gcloch,
Mo bhuachaillí beaga ag gáire,
Is ag súgradh le chéile lasmuigh.
Mise ag faire ón líne
Na héadaí ag léimneach le spraoi,
Na pionnaí ildaite sa chiseán,
Is brioscaí is crúiscín mór di.
Lúchair ag líne na n-eadaí,
I gcúlghairdín gleoite mo thí,
Níl tada níos deise sa saol seo
Ná picnic faoin líne amuigh

Primary 7

An Dreoilín Teaspaigh Le Gabriel Rosenstock

"Dáiríre, an maith leat an ceol sin?"
Arsa an dreoilín teaspaigh,
"An bhfuil mé maith mo dhótháin
Chun seinm os comhair easpaig?"

"Athem! Gheobhaimid an cigire,"
Arsa an bhóin Dé,
"Ní fiú faic mo thuairimse,
An dtuigeann tú mé!"

Tháinig an cigire-
An chuileog ghlas-
"Bhuel, ní thabharfainn duit onóracha,
An mbeifeá sásta le pas?"

An Samhradh

Grian mhór bhuí i lár na spéire,
Bristí gearra is spéaclaí gréine.
T- léine geala,
Ildaite go gleoite,
Is hataí mór' tuí
Nó sóiníní dóite!

Cluichí cois trá d'óg agus d'aosta,
I gciseán ar bhrat mór
Bhí gach rud don fhéasta:
Cácaí, torthaí,
Is líreacáin leáite.
Ach seachain an gaineamh ar
Mo cheapaire tráta!

Saoirse, spraoi, is scléip amuigh.
Agus málaí scoile faoi ghlas istigh

Choice of Poems for Secondary Schools

Bliain. 8

Snáthaid an Phúca

Le Gabriel Rosenstock

"Tá pianta im chosa,"
Dúirt snáthaid an phúca.
Tháinig an dochtúir
"Seo dhá chiúibín siúcra;
Leigheasfaidh sé sin thú,
Ní bhfaighfidh tú bás,
Níl rud ar bith cearr leat-
Ach go bhfuil tú ag fás!"

Babóg Shíle

Tá babóg ag Síle
Is í gléasta go deas
Faoi ghúna breá síoda
Agus cóta beag glas.

Is aoibhinn le Síle
Í a chur ina suí
Is a gruaig geal a chíoradh
Sula dtéann sí a luí.

Tá cion mór ag Síle
Ar a babógín féin;
Codlaíonn siad le chéile
Gach oíche den bhliain.

Lámha

Lámha beaga ag péinteáil,
Lámha beaga á ní,
Lámha eile ag tarraingt
Agus lámha le cheile ag guí.

Lámha á n-oscailt is á ndúnadh,
Ag piocadh, ag gearradh,
Is ag scríobh.
Ag cuidiú is ag breith ar a gcairde
I gcorcal mór siamsa is spraoi.

Lámha ag obair is ag súgradh,
Ó mhaidin go duibhe na hoíche.
Caithfidimid aire a thabhairt dóibh,
Anois cá bhfuil mo lámhainní?

Teilifís

Le Gabriel Rosentock
(faoi m'iníon Saffron)

Ar a cúig a chloig ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithe.
An féidir argóint le beanín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile
Níor bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préachta.
Gan solas fós sa spéir
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
Anois! Sásta?
Ach chonaic sise sneachta
Is sioráf tríd an sneachta
Is ulchabhán artach
Ar faoileáil
Os a chionn.

Bliain. 9

Fear lasta lampaí
le Máirtín Ó Direáin

Ní raibh sé mór an fear
Níor dheas a bhí ach gránna
Is cóip an bhaile mhóir
Ag fonóid faoi gan náire
Ach ghluais gan mhairg fós
Is ar chuailí chuaigh in airde,
Ba dhraíodóir an fear beag
A raibh an solas ina ghlaic,
É ag tabhairt na gile leis
Ó lampa go lampa sráide

Éirígí, a Pháistí!

Éirígí, a pháistí!
Amach linn faoin aer;
Tá an ghrian gheal ag taitneamh,
Níl scamall sa spéir.

Tá gaoth bhog ag séideadh
Thar cnoc agus gleann,
Tá duilleoga ag damhsa
Ar sceach is ar chrann.

Tá úlla is sméara
Go tiubh ar gach craobh,
Tá bláthanna geala
Ag fás ar gach taobh.

Éirígí, a pháistí!
Amach linn faoin aer
Chun aoibhneas a bhaint
As an áilleacht go léir.

Báisteach

Cliop, clap, cliop,
Gan stad, Ar dhíon an tí.
Feairín beag le casúirín
Ag bualadh aon, dó, trí!

Táirní ina lámh aige,
Tá fuadar fíochmhar faoi,
Is foireann de dhaoine beaga
Ag cuidiú lena thaobh.
Cuid acu ag cnagadh
Ar ghloine is ar dhoirse.
Agus ghrúpa mór ag damhsa ,
Gan sos,
Ar bharr mo thí.

Bailithe leo ar maidin,
Scamail is uirlisí.
Tá deora fágtha ar gach sceach,
Is sa chúl ghairdín - tulcaí

Titim na nDuilleog

Le Réamonn Ó Muireadhaigh

Mar ghiní óir
tá duilleogaí an fhómhair
ag soilsiú
i súil na gréine,
ag diúlú
i mbéal na gaoithe
titim.

Titim na duilleogaí,
ceann ar cheann,
ag dathú an fhéir,
gan fonn,
ag crothadh sa ghaoth,
ina luí
mar bhrat don talamh:
culaith an gheimhridh.

'Siad blianta m'óige
na duilleogaí
ag titim go fras
gan bhlas
ar smior an chrainn.

Bliain. 10

An Damhán Alla agus an Mhíoltóg

'S é a dúirt an damhán alla le míoltóg bheag tráth,
"Ó, tar liom abhaile, a chréatúirín bhreá;
Tá grian gheal an tsamhraidh ag damhsa i mo theach,
Tá ithe is ól ann, nach dtiocfaidh tú isteach?"

Dúirt an créatúr díchéillí is í 'g amharc isteach,
"Is tú croí na féile, is breá liom do theach!
Ach deirtear go mbíonn tú ag ithe 's ag ól
Míoltóga mar mise, idir fhuil agus fheoil."

'S é a dúirt an damhán alla (nach é a bhí glic!),
"Is bréag mhór, dar m'anam, is bréag sin, a mhic!
Tá fíon agus feoil ann, is prátaí go leor,
Is an té a bheadh marbh, go mbeadh sé arís beo!"

Bhal, mealladh an mhíoltóg le foclaí mar sin,
Dúirt sí: "Tá mé sásta, níl amhras faoi sin;
Ní fhanfaidh mé ach tamall!" is chuaigh sí isteach,
Ach níor chuala aon duine go dtáinig sí amach

Icarus

Le Réamonn Ó Muireadhaigh

As croí na gréine
le brúchtadh is le pléascadh
bhris an fharraige
ar an domhan daonna,
bhris anamacha in éadan na mbeann,
na cruacha glasa
na tonnta cúir,
na scaileoga ag rith thar cosa an
tsaoil.

An marcach toinne
a d'éirigh aníos
as lár an aigéin
in éadan na gréine
d'fhan sé ar foluain
móimint shíoraí
is d'imigh as
i mbladhaire solais.

Cailín Béasach

Ní phlabann cailín béasach
An doras riamh;
Ní bhéiceann cailín béasach
Gan fáth, gan chiall;
Ní shleamhnaíonn cailín béasach
An staighre síos-
Nó sin é deir mo Mhamáí
Ar aon nós.

Ní fheictear cailín béasach
Gan a haghaidh a bheith glan;
Ní dhreapann cailín béasach
In airde ar chrann;
Ní luascann sí ar gheataí,
Nó sin é deir mo Mham-
An ndéanann cailín béasach
AON RUD?

An Fómhair
Le Muiris Ó Riordáin

Féachaim i súile na ndaoine,
Na daoine idir óg agus aosta
Tá éisteacht le saothar na gaoithe
Ag lomadh na gcraobh ins na coillte.

Is chimes i súile mo chairde
Uaigneas faoi cheilt agus náire,
Caint gan teanga i láthair:
'Na ligimis orainn, a bhráthair.'

Ach tuigeann mo chairde mo chás-sa,
Is tuigid go dtuigim a scáfaireacht,
Mar is ionann cúis bhróin dúinn is náire
An t-am bheith ag brostú an bháis chugainn.

Féachaim i súile na ndaoine,
Na daoine idir óg agus aosta,
Tá á gciapadh anonn ins an oíche
Isiad ag éisteacht le saothar na gaoithe -
Le saothar na gaoithe.

Bliain 11.

Beach na Scoile

Imigh, a bheach bheag,
Chun aoibhnis an aeir;
Ná fan anseo a thuilleadh,
Ní ionad duit é.

Ní dhéanfá léitheoireacht;
Níorbh fhéidir leat scríobh;
Ní bhfaighfeá aon cheol uainn
Ná eolas na slí.

Ná creidse an léarscáil
'S na bréaga 'tá ann,
Níl fraoch ar a arda
Ná bláthanna ina ngleann.

Is na flóis bheaga 'chíonn tú
I bpictiúir an tí
Níl brí ina gcuisle
Ná mil ina gcroí.

Imigh go rí-mhear
Chun aoibhnis an aeir.
Ná fan anseo a thuilleadh,
Ní ionad duit é.

Samhradh

le Hector Rojas Herazo
(translated by Áine Ní Ghlinn)

Rachaidh mé amarach ar maidin
dath liathchorcra á lorg agam sna
páirceanna
is glacfaidh mé sos faoi chrann ard
le go ndéanfaidh mé comhaireamh
déanfaidh mé suimeanna móra
ceolmhara
deich gcinn de mhéara ar mo lámh.
Is beidh mé ag faire ar na seangáin
bróg á creimeadh acu
faid is a bheidh na dreoilíní teaspaigh
i mbun oibre, eilitreon i ndiaidh
eilitreoin,
dordán an lae á thógáil acu.

An Bioránach

Le Gabriel Rosenstock

Tá biorán ina shrón aige, tá biorán ina shrón (Tá, mo bhrón)
Ach is cuma, sé mo stór é - mo chéad míle grá
(Ní thig liom é a mhíniú ... ní thuigim féin cén fáth).

Tá a chloigeann ar fad lomtha ach tá bobailín ar barr (Díreach sa lár)
Ach is cuma, sé mo stór é - mo chéad míle grá
(Más fiaile i dtuairim chách é, i mo shúile féin is bláth).

Tá muince mheirgeach lann aige thart ar a mhuiníl
("Stíl!" dar leis, "stíl!")
Ach is cuma, sé mo stór é - mo chéad míle grá
(Glacaim leis mar a fhaighim é gan má ar bith ná dá...)

Níl Béarla aige ná Gaelige ná teanga ar bith eile
(Níl aige ach seile)
Ach is cuma, se mo stór é - mo chéad míle grá
(Tá mé sásta é a léiriú agus sásta é a rá).

Géibheann

Le Caitlín Maude (1941 - 1982)

Ainmí mé

Ainmí allta

As na teochreasa

A bhfuil clú agus áil

Ar mo scéimh

Chroifinn crainnte na coille

Tráth

le mo gháir

ach anois

luím síos

agus breathnaím trí leathshúil

ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine

chuile lá

a dhéanfaidh rud ar bith

dom

ach mé a ligean amach.

Bliain 12

Oileanaigh

Le Clíodhna Cussen

Bíonn siad ag damhsa go fóill istoíche
Ag béal na trá,
Ag casadh is ag casadh,
Ildaite faoi sholas glinn na gealaí
Mar a bhíodh muidne ag damhsa fadó
Is na fidil i dtiúin le lapadaíl na mara -
Fadó nuair a bhíodh nithe níos soiléire
ná mar atá
Bhí muid ag fanacht is ag fanacht is ag
fanacht
Ar an bhád bán a tháinig ró-mhinic.

Taisí anios muid, fós ar na carraigeacha
breaca

Cois cladaigh, mar a chumascann an
fear

Leis na slatacha mara
Idir talamh slán an oileáin
Agus ríocht na sáile,

Muid ag faire idir sholas agus clap-
sholas

Ar an bhád bán

Atá ag teacht, cinnte, cinnte, cinnte.

An Canaerí

Bhí éanadán ag Seán Ó Riain,
Is cheannaigh sé canaerí
Ó ghasúr deas a bhí 'na rang,
Dár bh ainm Tadhg Ó Laoghaire.

Bhí áthas mór ar Sheán Ó Riain
Nuair a thug sé an t-éan abhaile,
Chuir sé é san éanadán
Is chroch é ar an bhalla.

Fuair sé bosca beag den síol
A itheann gach canaerí,
Is chuir sé méisín uisce isteach
Mar a chomhairligh Tadhg Ó Laoghaire.

B'ionadh leis nár chan an t-éan,
Mar a chanann gach canaerí;
Níor tháinig uaidh ach "sea, sea, sea,"
Is d'ith sé síol go craosach.

Nigh an t-éan é féin ansin,
Is rith an dath go léir de;
Ní raibh san éan ach gealbhán donn -
Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire!

Na Tabhair Aon Rud Le hIthe Dóibh!

Le Gabriel Rosenstock

Léim spásfhirín go beo isteach im leabasa aréir,
"Cad as ar tháinig tusa? Díreach anuas ón spéir?"
"Bog isteach!" ar seisean, "tá mé préachta leis an bhfuacht-
Aon rud maith ar an mbosca?" "Tá' arsa mise, 'An Nuacht!"

"Bhuel cuir ar siúl láithreach é!" arsa an spásfhirín ag crith,
"Agus tabhair dom rud éigin le hithe - táim stiúgtha - rud ar bith!"
Fuair me ceapaire feola dó agus d'amharc sé ar faoi dhó:
"Tá brón orm," arsa an spásfhirín, "rud ar bith ach bó."

Fuair mé pláta pónairí dó, sailéad agus rís
Agus d'alp sé siar an t-iomlán ag amharc ar an teilifis:
Agus chuala mé an léitheoir nuachta: TÁ FIRÍNÍ I mBAILE ÁTHA CLIATH-
ACH NÍ DHÉANFAIDH SIAD DOCHAR DÁ LAGHAD DUIT
MÁ CHOINNÍONN TÚ AMACH IAD Ó BHIA.

Fill Arís

Le Seán Ó Ríordáin (1916-1977)

Fág Gleann na nGealt thoir,
Is a bhfuil d'aois seo ár dTiarna i d'fhuil,
Dún d'intinn ar ar tharla
Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,
Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom
Is an bóthar fada, bain ded mheabhair
Srathair shibhialtacht an Bhéarla,
Shelley, Keats is Shakespeare:
Fill ars ar do chuid,
Nigh d'ainm is nigh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim:
Dein d'fhaoistin is éin
Síocháin led ghiniúim féinig
Is led thigh-se féin is ná a threabh a thréigean.
Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,
Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
Is an tuiséal gairmeach ar bhéalaibh daoine:
 Sin é do dhoras,
 Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna,
 Buail is osclófar
 D'intinn féin is do chló ceart.

Fáinne Competition: Choice of Questions

1. Dia Duit
2. Cad é an t-ainm atá ort?
3. Cé thusa?
4. Carb as thú?
5. Cén aois atá tú?
6. Cá bhfuil tú i do chónaí?
7. Cá mhéad duine atá i do chlann?
8. Cá mhéad deartháir/deirfiúr atá agat?
9. Cé hé an duine is sine/is óige sa chlann?
10. An tusa an duine is sine sa chlann?
11. An tusa an duine is óige sa chlann?
12. Déan cur síos ar do dheartháir/dheirfiúr.
13. An bhfuil peata agat?
14. Cén t-ainm atá air / uirthi?
15. Déan cur síos ar do pheata.
16. Cad é an t-ainm atá ar do scoil?
17. Cá bhfuil sé suite?
18. Cad é an t-am a d'éirigh tú ar maidin?
19. Cad é a tharla ansin?
20. Cad é a itheann tú don bhricfeasta?
21. Cén dóigh a dtagann tú ar scoil?
22. Cén t-am a dtagann tú ar scoil?
23. Cad é an t-am a dtosaíonn na ranganna?
24. Cad é a itheann tú don lón?
25. Cad é an t-am a gcríochnaíonn na ranganna?
26. Cad é an dóigh a dtéann tú na bhaile?
27. Cad é a rinne tú ar a 5.00 inné?

28. Cad é a d'ith tú don dinnéar?
29. Cad é a rinne tú do do chuid obair bhaile?
30. Ar léigh tú leabhar?
31. Cad é an t-am a ndeachaigh tú a luí?
32. Cá raibh tú ar laethanta saoire anuraidh?
33. Cad é mar a chuaigh tú ann?
34. Cá raibh tú ag stopadh?
35. Cad é mar a bhí na daoine?
36. Cad é mar a bhí an bia?
37. Cad é mar a bhí an t-óstán?
38. Cad é a rinne tú ar maidin?
39. Cad é a rinne tú sa tráthnóna?
40. Cad é a rinne tú san oíche?
41. An rachaidh tú ar ais an bhliain seo chugainn?
42. An raibh tú riamh sa/san Iodáil/Ghearmáin/Baile Átha Cliath?
43. An raibh tú ag an phictiúrlann
44. Cén scannán is fearr leat?
45. Cad é an caitheamh aimsire atá agat?
46. Cad é an grúpa ceoil/ceoltóir is fearr leat?
47. An maith leat peil/iomáint / camógaíocht &rl.?
48. Cad iad na hábhair a dhéanann tú ar scoil?
49. Cad é an t-ábhar scoile is fearr leat? Cad chuige?
50. Cad é an post ba mhaith leat? Cad chuige?

Fáinne Competition: Example of the Structure

Cúpla Focal (Few words badge) - Answer 6 questions from part A

Silver Fáinne - Part A - Answer all questions
Part B - Answer 6 questions.

Gold Fáinne - Open conversation

The competition will last 3 - 5 mins.

A

1. Dia duit?
2. Cad é an t-ainm atá ort?
3. Cén aois thú?
4. Déan cur síos ort féin.
5. Cá bhfuil tú i do chónaí?
6. Cá mhéad deartháir atá agat?
7. Cá mhéad deirfiúr atá agat?
8. An bhfuil peata agat?

B

1. Cá ndeachaigh tú ar laethanta saoire anuraidh ?
2. Cad é mar a bhí an aimsir?
3. Cad é a rinne tú gach lá?
4. An rachaidh tú ar ais ar an bhliain seo chugainn?

5. Cad é a rinne tú ag deireadh na seachtaine?
6. An raibh tú ag an phictiúrlann?

7. Cad é an caitheamh aimsir is fearr leat?
8. Ainmnigh trí rud a cheannaíonn tú i siopa glasraí?

9. Déan cur síos ar do scoil.
10. Cad iad na hábhair a dhéanann tú ar scoil?
11. Cén t-ábhar is fearr leat? Cad chuige?

12. Cad é an post ba mhaith leat?
13. Cad chuige? (Ainmnigh trí rud)

FOIRM IONTRÁLA AN DALTA
Entry Form per pupil (Bilingual)

Úsáid bloclitreacha le do thoil
(Use Block Letters Please)

FOIRM AMHÁIN AN DALTA
One form per pupil

Ainm an dalta: _____
Name of pupil

Ainm na scoile: _____
Name of School

Ainm an mhúinteora _____ rang _____
Name of Teacher Class

r-phost tuismitheora _____
Parent's Email

Uimhir Theagmhála _____
Contact No.

Uimhir & Teideal an chomórtais _____
Number & Name of competition

Uimhir & Teideal an chomórtais _____
Number & Name of competition

Uimhir & Teideal an chomórtais _____
Number & Name of competition

Uimhir & Teideal an chomórtais _____
Number & Name of competition

Uimhir & Teideal an chomórtais _____
Number & Name of competition

Uimhir & Teideal an chomórtais _____
Number & Name of competition

TÁILLE INIATA: £ _____
Fee Enclosed

